SPREAGAḊ DO ǴAEILGE I 1966

Tá an Coiste Gnó ag obair ċeana le 1916 a ċomóraḋ trí tionól mór Gael ó ċian agus cóngar a eagrú cóngaraċ do Ḃaile Áṫa Cliaṫ ag deireaḋ mí Iúil seo ċugainn, dúirt Míċeál Óg Ó Marnáin, Tánaiste Ċonraḋ na Gaeilge.

"Is maiṫ liom a ḟógairt go gcuirfear beirt timire lán-aimsearṫa ar an mbóṫar beagnaċ láiṫreaċ agus breis díoḃ ar ball. Ina ṫeannta sin beiḋ cúnaṁ airgid ar fáil amaċ anseo le timirí deonaċa a ċur ag obair i n-a gceantair féin agus íocfar táillí leo de réir na hoibre a ḋéanfaiḋ siad."

Beiḋ Comórtas Náisiúnta Díospóireaċta ar bun roiṁ tús na hatḃliana a ṁeallfaiḋ daoine fásta ċun iomaíoċta i laḃairt na Gaeilge os comhair an ṗobail. Tá staidéar á ḋéanaṁ ar an gcaoi inar féidir le craoḃaċa cuidiú le muintir na Gaeltaċta agus tá craoḃ aṁáin ar a laġad anseo sa ċaṫair ag beartú rud den sórt sin i láṫair na huaire.

"Is beag is féidir leis an gConraḋ a ḋéanaṁ le bá an ṗobail a ṫaḃairt i leiṫ na teanga nuair atá Telefís ⁊ Radio Éireann ag scrios na tíre le dramáil Ġallda an domhain," arsa an tUas. Ó Marnáin.

"Lena ċeart a ṫaḃairt don raidió tá daoine ann a ḋéanann sár-iarraċt ar ḃeagán den Ġaelaċas a ṫaḃairt dúinn anois is arís aċ céard tá á ḟáil ag pobal na hÉireann ón telefís? Tá níos fearr le fáil againn ón B.B.C. lá ar biṫ agus níos mó á ḋéanaṁ ag an B.B.C. don Ċeiltis sna limistéir atá faoin a réim.

"Tá fear maiṫ i mbun gnó i Roinn na Gaeltaċta anois, Pádraig Ó Faċtna, aċ ní ḃeimid sásta go mbeiḋ gaċ roinn eile ag obair ar a seaċt ndíċeall ċun atmasféar Gaelaċ a ċoṫú ina oifigí féin agus iad in ann déileáil i nGaeilge leis an bpobal."

TUAR ṀIC ÉIDE

Le linn dó ḃeiṫ ag bronnaḋ na nduaiseanna ag taispeántas caoirí sléiḃe i dTuar Ṁic Éide inné ṁol an tUas. Pádraig Ó Faċtna. Rúnaí Pairliminte Aire na Gaeltaċta, an comhar agus an cur-le-céile a ḃain leis.

"Tá ḟios againn uile," dúirt sé, "an táḃaċt atá le tionscal na gcaoraċ ó ṫaoḃ eacnamaíoċt na tíre i gcoitinne agus an táḃaċt ar leiṫ atá leis na caoiriġ sléiḃe, go háiriṫe ó ṫaoḃ na Gaeltaċta, áit a ḃfuil go leor talaṁ sléiḃe faoi mar atá ṫart ar Ṫuar Ṁic Éide anseo. Ċun go mbeiḋ an raṫ ar ṫionscal na gcaoraċ i gceantair dá leiṫéid seo ní mór dá rud a ḋéanaṁ — feaḃas ar feaḋ ár gcumais a ċur ar an talaṁ sléiḃe é féin ⁊ an pór caoraċ is fearr a oireann don ċeantar a aimsiú.

Maidir le ceist feaḃsú na talún de, dúirt sé go raiḃ dá scéim á reaċtáil ag an Rialtas ċun na críċe sin. Ba iad sin an Scéim Sconsaíoċta le haġaiḋ Féaraiġ Sléiḃe agus an scéim eile ċun beaṫú breise a ḃaint as an ḃféaraċ sin. "Ó ṫaoḃ na pórać de, arsa an tUas. Ó Faċtna, "tá Scéim na Reiṫí ann faoi mar is eol daoiḃ. Measaim gur leor na trí scéimeanna sin i dteannta a ċéile ċun tionscal na gcaoraċ a ċur ar a ḃonnaiḃ i ndúṫaiġ ar biṫ mar seo."

Ṫréaslaiġ sé don Ċumann a ḟeaḃas is a d'éiriġ leo agus ṁol sé do ċumainn eile sa Ġaeltaċt staidéar a ḋéanaṁ ar an gcomhoibriú a ḃí ar siúl ansin agus aiṫris a ḋéanaṁ air.

CLOIĊEANNAOLA

Tá cúrsaí lioṫróide láiṁe ag dul ar aġaiḋ go breá ar an Ḟalċarraċ, agus clú mór ar an ċúirt liaṫróid láiṁe ann. Imreófar an cluiċe idir Dún na nGall agus Tír Eoġan ar an 17ú lá de eDireaḋ Fómhair ag an Ḟalċarraċ.

PORT NA CLUAIḊE

D'inis Roinn na Gaeltaċta do P. A. Mac Giolla Laoire, T.D., Béal Áṫa an Ḟeaḋa, go ḃfuil an Roinn ag soláṫar deontas fá ċoinne tógáil fánán nua, agus deisiúċán eile, ag Port na Cluaiḋe, agus gur h-iarraḋ ar Ḃord na nOibreaċa Poiblí tosaiġ ag obair ansin, ċom luaṫ agus is féidir. Tá deisiúċán le déanaṁ don port ag Port Orlainn ċom maiṫ.

COIMÉAD SIAR RÁTAÍ

Tá Cumann na bḞeirmeirí i Muiġeo taréis treoir a ṫaḃairt dá gcuid ball, an dara cuid de na rátaí a ċoiméad, mar diúltú i gcoinniḃ na rátaí ró-árda, agus ioncum íseal na bḟeirmeoirí.

Is cosúil go ḃfuil an polasaí céanna ar siúl i gcondaeṫa eile, aċ, san am ċéanna, is deacair a rá an maiṫ an rud é seo: níl sé ag noċtú agus ag léiriú príomh-ċúis an scéil, agus sé sin éagcóir na rátaí ann féin do na condaeṫa iarṫaraċ.

Siad na condaeṫa Gaeltaċta na ceiṫre condaeṫa is airde rátaí insan tír go h-uile, agus sé a ċúis sin, nó gurḃ iad na condaeṫa seo, is ísle luaċáil i gcoiḃneas leis an ṗobal, nó is airde pobal i gcoiḃneas leis an luaċáil insan tír. Má ḃíonn mean-luaċáil an duine, de £12-10-0, in condaeṫa lár tíre, agus mean-luaċáil 12s. 6d. in áiteaċa ins na condaeṫa iarṫaraċ, tá sé soiléir go gcaiṫfiḋ na rátaí dul as coimse árd, agus san am ċéanna, naċ ḃ'ḟéidir na seirḃísí is gá a ṫaḃairt ċor ar biṫ. sin an ṗointe le léiriú arís, agus arís eile, agus ní ċeart do ṁuintir an Iarṫar, ligint díoḃṫa féin a ḃeiṫ mar somplaí fá ċoinne cúiseanna eile atá ar siúl ag feirmeoirí lár na tíre.

BARRÚIL FÁ'N ǴAELTAĊT

"Ní foláir a ṫuiscint go soiléir naċ díreaċ ar ṁaiṫe leis na daoine a ċónaíonn ins na limistéir Gaeltaċta aṁáin is cóir, nó is gá, fóirṫint ar na limistéir sin, aċ ar ṁaiṫe le leas an náisiún ina iomláine", adúirt an Dr. Barra Ó Cinnéide, Gaeltarra Éireann, agus é a' laḃairt ar an tionscail agus ar an Ġaeltaċt, ag cruinniú cinn-ḃliana Árd-Ċraoḃ Ċonraḋ na Gaeilge, i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Tomás Ó Coḃṫaiġ a ḃí na caṫaoirleaċ ar an gcruinniú, agus ḃí an tUaċtarán, Éamonn de Ḃalera, agus Bean de Ḃalera, i láṫair, ċom maiṫ leis an Aire Leasa Sóisialaiġ, Caoiṁín Ó Beoláin.

Ṁol an Cinnéideaċ an leasú nua a ḃí déanta ag cumhaċtaí Gaeltarra Éireann, sa ṁéid agus go dtiocfaiḋ leo dul i gcaḃair le mion-tionscail insan Ġaeltaċt, nó mion-deontaisí a ṫaċairt díoḃṫa. Níor luaiġ sé áfaċ, naċ dtiocfaiḋ leis na tionscail seo, ansin, deontas d'ḟáil ón Fóras Tionscail. Rud a ḟágas iad díreaċ mar a ḃí siad roiṁe.

DAONSCOLTAĊA NA DANṀAIRĠE

Dá rud go mbíonn cuid mór cainnte fá dtaoḃ de na laeṫeannta seo, comhar ċumainn agus na Daonscoiltaċa. Go speisialta cloistear cuid ṁór ċainnte faoi na Daonscoltaċa agus níl sé aċ seaċtain ó ḃí ċruinniú ag daoine a ḃfuil spéis acu ins na daon scoltaċa ag an Grianán i gCo. Luġaiḋ, an áit a dteiġeann daoine ó Ḃantraċt na Tuaiṫe ar ċúrsaí agus saoire.

Ba iontaċ an rud na daonscoltaċa dáiríríḃ. San Danṁairg a ṫáinig siad ċun cinn nuair a ḃí an náisiún sin i nguais. I lár na haoise seo caite ḃí cogaḋ idir an Danṁairg agus an Ġearmáin agus baineaḋ dá ċúige in a raiḃ talaṁ iontaċ torṫúil den Danṁairg. Dá ḃarr sin ḃí mí-ṡásaṁ agus beag uċtaċ agus éadóċas ar ṁórán de ṁuinntir na Danṁairge agus ḃí an tír ag dul ċun donais. Annsin ċonnaic tír-ġráṫaiṫeoir go raiḃ baoġal mór don náisiúin a ḃeiṫ i gcónaí ag caiṫeaṁ súil ar an rud a ḃí ċaillte agus a déanaṁ neaṁ-ṡuim den rud a ḃí aca.

Ċuir sé ar bun scoltaċa ina ḃfuair daoine óga na Danṁairge eolas ar stair agus scéalta ⁊ náisiúntaċt agus cultúir a dtíre féin. Ṁeas sé gur ċeart níos mó úsáid a ḃaint as an rud a ḃí ag an náisiún, spiorad agus spreacaḋ agus sracaḋ a muintire ⁊ go háiṫrid a muintir óg. B'é an cuspóir a ċuir sé roiṁe ins na daon scoltaċa seo ná "an rud a ċailleamar ón taoḃ amuiġ caiṫfimid a ḃaint ón taoḃ i stiġ." Níor ḃac scoltaċa seo le teagasc a ṫaḃairt ar ceirdeanna nó rudaí a ḃeaḋ úsáideaċ do ċeirdeanna nó do dul ċun ċinn sa tsaoġal. Ḃain siad le cúrsaí spioraide agus ardú meanmain. Daoine príoḃáideaċa a ċuir a gcuid páistí ċuca ar dtúis. Níorḃ ḟada ina ḋiaiḋ sin go raiḃ údaráisí poiblí ag cur daoine ċuca ar scolaireaċtaí. Mar sin de ṫárla go ḃfuair glún de ḋaoine óga fios ar a gcultúir agus ar a náisiúntaċt féin agus nuair a d'éiriġ siad suas ḃí spreagaḋ aca le oibriú níos cruaiḋe ar son a dtíre agus ar a son féin. Ḃí a ṡlioċt sin le feiceáil ar ċuid feilmeaċa na Danṁairge agus deirtear gurab é sin a ċuir an Danṁairg oiread sin ar dtús i gcúrsaí feilméaraċta.

Mar a dúirt is iomaí duine a ḃí ag smaoineaṁ agus cainnt faoi gur ċeart dúinn a leiṫéid de ḋaon scoltaċa a ḃeiṫ againn in Éirinn nó a ḃunú in Éirinn:

Is aisteaċ (nó b'ḟéidir naċ eaḋ) gur Béarlóirí is mó a bíos ag cainnt ar seo. Tá cúis le sin. Níl ḟios ag na Béarlóirí go ḃfuil a leiṫéid sin againn ċeana agus go ḃfuil sé againn le beagnaċ leiṫċéad bliain. In idáiríriḃ tá.

Ḃí ár gcuid daolscoltaċa féin agannn le corraḋ agus daċad bliain. B'iad a ṁúnlaiġ an Réaḃlóid Náisiúnta a ṫug dúinn Éire mar atá sí an lá inniu. Cé hiad na scoltaċa iad, an dóiġ leat?

Cad eile iad aċ na Coláistí Samhraiḋ sa Gaeltaċt, áit a ḃfaġann aos óg na hÉireann an saġas céanna spreagaḋ agus ardú meanmain agus ardú uċtaiġ agus a fuair aos óg na Danṁairge ins na Ḃolc Schulen ins an aois seo caite. Ḃfuil aos óg na hÉireann ag baint tairḃe as an spreagaḋ sin? Sin ceist eile don tseaċtain seo ċugainn.

- - - - - - - - - - - -

cupón

AMÁRAĊ

8-10-1965

- - - - - - - - - - - -

FOIREANN ǴAOIṪ DOḂAIR

Tá cuma eile ar craoḃ ċluiċe Dún na nGall anois, leis an Cloċán Liaṫ amaċ as, agus an craoḃ ceannais, na bliana anuraiḋ Ṁic Cuṁaill, amaċ as ċom maiṫ, agus foireann úr nua, óna sóisear. Na Gleanntaí, istiġ ann.

Ḃí dóċas beagnaċ caillte ag Gaoṫ Doḃair, roiṁ an cluiċe, nuair a ċonaic siad naċ raiḃ Seán Mac Cuṁaill, as Carndomhnaiġ é féin, agus dearṫár leis, ag imirt do Ċarndomhnaiġ, ⁊ eisean ba ċeart a ḃeiṫ ag imirt do Ġaoṫ Doḃair. aċ níor ṫiontaiġ sé suas. Ḃí an cluiċe trí-ċeaṫrú uaire mall ag tosaí, agus ḃí Gaoṫ Doḃair ag fanaċt go fóill le é ṫeaċt, aċ níor ṫáinig sé. Isteaċ sa ḃearna, ċuaiġ Eoin Mac Giolla Ḃríde, mar lán-cúl, agus d'imir sé go maiṫ. An uair aṁáin a caiṫeaṁ isteaċ an liaṫróid ḃí cuid trioblóidí Ġaoṫ Doḃair ṫart, ná b'furast díoḃa an ċluiċe ḃaint agus ní raiḃ siad ariaṁ i ndáinséar. Ḃuaiġ siad go h-easca le 2-15 in éadan 2-5 do Ċarndomhnaiġ. Rud ab' iontaí don ċluiċe, go ḃfuair Niall Ó Gallċoḃair 11 as na 15 pointí a fuarṫas do Ġaoṫ Doḃair.

SCOLÁIREAĊTA NA GAELTAĊTA

Comhġáirdeaċais leis na daoine seo a ġnóṫaiġ scoláireaċtaí na Gaeltaċta ar ḃfiú £200 an duine ar fea 4 bliana, iad go dtí Coláiste Iolscoile na Gaillimhe;- Pádraig Mac Páidín, Árd-scoil Ṁuire, Dunbeg, Co. Tír Ċonaill; Sioḃán Ní Ḟaṫarṫaiġ, Coláiste Ċroí Ṁuire, An Spidéal; Éilís Ní Ḃriain, Coláiste Ċroí Ṁuire, An Spidéal; Caitlín Ní Ḟearraiġ, Cloċar Loreto, Leitir Ceanainn; Doiminic Ó Gallċoḃair, Árdscoil Ṁuire, Dunbeg, Tír Ċonaill; Bríd Ní Ḃriain, Coláiste Ċroí Ṁuire, An Spidéal.

LEAḂAR IOMÁNAÍOĊTA

Tá Mtr. Guinness indiaiḋ caḃrú le leaḃar a ċur amaċ ar records iománaíoċta, agus suimiúil an t-eolas atá le fáil insan leaḃar sin. De ṫairḃe cúrsaí G.A.A. tá Sasain ina cúige do Éirinn anois, agus is mar ġeall ar sin go mbíonn sí páirteaċ ins na craoḃ-ċluiċí. Ní raiḃ aċ ceiṫre foirne as Cúige Ulaḋ a ḃí páirteaċ insan ċraoḃ-ċluiċe iománaíoċta ariaṁ. Tá an leaḃrán ar fáil ar 2s., agus is maiṫ an conraḋ é, agus b'ḟiú do duone ar biṫ a ċuireann suim in iománaíoċt é a fáil agus a léaṁ. Tá cuid ṁór suimiúil ann, agus tiġ sé anuas go dtí na Tokyo Olympics anuraiḋ de ṫairḃe spóirt ⁊ cluiċí. Ṫug Mt. Guinness caḃair leis an leaḃar a ċur ar fáil, agus Daiṫí Mac Ḟionnaiġ agus Pádraig Puirseáil a rinne an eagarṫóireaċt agus a ċur an t-eolas le céile.

AIRGEAD MALL

Nuair a laḃair sé ar a son, hinnseaḋ do Pádraic Ó Domhnaill go ndéanfaí íocaíoċt ar an deontas £5 leis na scoláirí ag freastal ar Scoil Naoṁ Ḃríde, Sraiṫ Caisleán, Na Gleanntaí. Ar na mallaiḋ a ċríoċnaíoḋ an scrúdú, adúraḋ, agus ní ḟada go gcuirfear amaċ na deontaisí. Is maiṫ an rud go ḃfuil éicint le ceist a ċur faoi na rudaí seo, mar is rí-ṁinic go ḃfágtar deontaisí mar seo siar, ar feaḋ leaṫna bliana agus uaireannta ar feaḋ na bliana uiliġ, rud naċ ceart a ḋéanaṁ ċor ar biṫ. Is iontaċ an méid deontaisí rialtais atáṫar a ċur siar ó ċúpla seaċtain go cúpla mí. Cinnte go leor, tá sé a' sáḃáil airgead don Rialtas, aċ go minic, tá sé na áḃar anró do ḋaoine atá ag fanaċt leis na deontaisí seo, agus ní ceart a leiṫéid a ḋéanaṁ.

GAEILGEOIR AR TELEFÍS

COMHǴÁIRDEAĊAS LE SÍLE NÍ ĊONAILL

Tá Síle Ní Ċonaill as Lios Muire, Leán Duí, Bóṫar na Trá, ceapaiṫe mar cailín cainte le Telefís Éireann. Iníon í do Ṡeán Ó Conaill, B.A., B.E., agus Bean Uí Ċonaill. Tá Seán ina Cigire Tiṫe le Roinn na Gaeltaċta. Ḃí Síle ina ṁicléinn Ealaíon ag dul ar Coláiste Iolscoile na Gaillimhe. Rugaḋ í ag Port na Bláiṫe, i dTír Ċonaill agus ḃí sí ar scoil i gCloċar Loreto, Leitir Ċeanainn, agus ina ḋiaiḋ ein ar Ċloċar Dominiceaċ, Gaillimh. Ḃíoḋ sí ag dul go Coláiste Ḃríde, Rann an Feirste, ar fea na mblianta. Ḃí baint aici le Taiḃḋearc na Gaillimhe le cúpla blian, ina raiḃ sí ina h-aisteoir i "Cinn-Lae Ann Franc", "Lá Ḟéile Ṁiċíl" agus drámaí eile. Cainteoir maiṫ ab' ea í ins na díospóireaċtaí idir - Ċoláistí ⁊ ḃí sí ar ḟoireann camógaí na Coláiste ċom maiṫ. Tá a deirḃṡiúir is sine, Áine, ina múinteoir gairm-oideaċais i Móta, Co. na hIarṁiḋe, agus tá an deirḃṡiúir is óige, Máire, ar ṁeánscoil go fóill. Ḃí Máire i gColáiste Crónа le dá ḃliain.

CLUIĊÍ

Ar na ċluiċí a h-imríoḋ i nGaillimh Dé Domhnaiġ seo caite ḃí Uaċtar Árd i n-éadan Clonbur ag 2.45 ag Uaċtar Árd agus An Cloċán i n-éadan Má Ċuilinn insan aṫ-imirt de ċraoiḃ na Soisearaċ. I Ros a' Ṁíl ḃí cluiċe an léag an geiṁriḋ idir Na Piarsaiġ agus Carna ar a 3 a'ċlog ⁊ idir Naoṁ Éanna agus Realta na Coirḃe ag 4.30.

COMHǴAIRDEAĊAS

Ċuireaḋ árd-ḟáilte roiṁ buatóirí Craoḃ na hÉireann nuair d'ḟill siad arais go Gaillimh. In Áṫ Luain ḃí na tinte cnáṁa ar lasaḋ ar fuaid an ḃealaiġ. Cuireaḋ ana-ḟáilte rompa ag Séipéil Creaċ. Ṁol Comhairle Ċonndae na Gaillimhe rún comhġáirdeaċais leis an ḟoireann ag an cruinniú Dé Máirt.

AIS NUA DO ĊAOIRIĠ I GCONAMARA

Cé go raiḃ cur i gcoinniḃ láidir ann ó Pádraig Ó Coileáin, ġlac Comhairle Co. na Gaillimhe le molaḋ go gcuirfí ionad dipeála taistil ar fáil do Ċonamara Ṫeas. Seard a ḃéas insan aonad na tanc agus tarraicire á tarraċ agus stopfaiḋ sé ar fud an ḃóṫair cibé áit a ḃfuil caoiriġ le dipeáil.

GO CORCAIĠ

Tá Seán Boṫáin, B.A., Leaḃarlann Co. na Gaillimhe, ag fágáil na condae mar tá sé ceapaiṫe anois mar Leaḃarlann do Ċaṫair Ċorcaí. Ḃain sé le Leaḃarlann Co. Dún na nGall roiṁe sin agus tá sé i nGaillimh anois le roinnt maiṫ blianta. Beiḋ sé ag imeaċt i Mí na Nollaig go Corcaiġ.

MININÉIR

Béifear buarṫa taréis an Aṫ. Seán Mac Donnċaḋa as Inis Ṁic Inna, atá ar a ḃealaċ go dtí an Aifric ċuig na Misiúin ṫar sáile taréis saoire cúpla mí a ċaiṫeaṁ sa mbaile. Ċaiṫ sé tréiṁse ann ċeana mar Bráṫair ar na Misiúin. Ṫáinig sé arais go hÉirinn, rinne staidéar ċun ḃeiṫ ina ṡagairt agus an samhraḋ seo caite h-ordnuiġeaḋ é don Ord Ḃeannaiṫe sin i Dúrlas Éile.

COMHǴÁIRDEAĊAS

Comhġairdeaċas le Ċaitlín M. Ní Giolla Ṁáirtín, Cloċar na Trocaire, Roscomáin, a ḃuaiḋ scoláireaċt 4 bliana go Coláiste Iolscoile na Gaillimhe. Dalta í a ḃíoḋ ar ċúrsaí samhraiḋ Coláiste Crónа, Ára Ṁór.